II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/340 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Nollaig 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a mhéid a bhaineann le bearta caomhnaithe in Sylter Aussenriff, Borkum-Riffgrund, Doggerbank agus Östliche Deutsche Bucht, agus in Klaverbank, Friese Front agus Centrale Oestergronden

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ([1]) ón gComhairle agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tabharfar de chumhacht do na Ballstáit bearta caomhnaithe iascaigh a ghlacadh ina n-uiscí, ar bearta iad atá riachtanach chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ("an Treoir maidir le Gnáthóga") ([2]), faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("an Treoir maidir le hÉin") ([3]) agus faoi Airteagal 13(4) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí") ([4]).

(2) Le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta caomhnaithe is gá a bhunú i gcomhair limistéir chaomhantais speisialta, bearta a chomhfhreagraíonn do riachtanais éiceolaíocha na gcineálacha gnáthóige nádúrtha agus na speiceas atá i láthair ar na láithreáin de réir mar a liostaítear iad sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) Le hAirteagal 4 den Treoir maidir le hÉin, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta caomhnaithe speisialta a bhunú maidir leis na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis agus maidir leis na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, ar cineálacha gnáthóige agus speicis iad atá i láthair ar na láithreáin. Ina theannta sin, ceanglaítear leis ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun meathlú na ngnáthóg nádúrtha agus na ngnáthóg speiceas a sheachaint, chomh maith le cur isteach suntasach ar na speicis ar ainmníodh na limistéir ina leith.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle. (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([2]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú. (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

([3]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú. (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

([4]) Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat maidir le gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, tá na Ballstáit le cláir beart a ghlacadh chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil ar bun, lena n-áirítear bearta um chosaint spásúil a chuireann le líonraí limistéar muirí faoi chosaint atá comhleanúnach agus ionadaíoch, agus lena gcumhdófar go leordhóthanach éagsúlacht na gcomhéiceachóras, amhail limistéir chaomhantais speisialta de bhun na Treorach maidir le Gnáthóga, limistéir faoi chosaint speisialta de bhun na Treorach maidir le hÉin agus limistéir mhuirí faoi chosaint arna gcomhaontú ag an Aontas nó ag na Ballstáit lena mbaineann faoi chuimsiú na gcomhaontuithe idirnáisiúnta nó réigiúnacha ar páirtithe iontu iad.

(5) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcás ina measann Ballstát gur gá bearta a ghlacadh chun na hoibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus go bhfuil leas díreach bainistíochta ag Ballstáit eile san iascach a ndéanfaidh na bearta sin difear dó, tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta den sórt sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe tar éis moladh comhpháirteach a fháil ó na Ballstáit.

(6) Bunaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 ón gCoimisiún ([5]) bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint.

(7) An 4 Feabhra 2019, tar éis don Ghearmáin dul i gcomhairle le NSAC, chuir an tír sin, chomh maith leis an mBeilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ísiltír, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe, moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin maidir le bearta caomhnaithe iascaigh i gceithre láithreán Natura 2000, eadhon DE1209-301 Sylter Aussenriff, DE2104-301 Borkum-Riffgrund, DE1003-301 Doggerbank agus DE1011-401 Östliche Deutsche Bucht SPA, atá suite i limistéar eacnamaíoch eisiach na Gearmáine sa Mhuir Thuaidh.

(8) Tá bearta bainistithe iascaigh sa mholadh comhpháirteach chun oitreacha gainimh (cineál gnáthóige 1110) agus sceireacha (cineál gnáthóige 1170) a chosaint in Sylter Aussenriff agus Borkum-Riffgrund ar thionchar gléasanna grinnill soghluaiste, chun an mhuc mhara a chosaint in Sylter Aussenriff, Borkum-Riffgrund agus Doggerbank agus chun sé speiceas éanlaithe mara in Östliche Deutsche Bucht a chosaint ar a ngabháil agus/nó a marú in eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin, chun oibleagáidí faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga agus Airteagal 4 den Treoir maidir le hÉin a chomhlíonadh. Tá bearta bainistithe iascaigh sa mholadh comhpháirteach freisin chun limistéir ghrinneall na farraige ina bhfuil an cineál bitíopa, "limistéir ar mhórán speiceas, ina bhfuil gairbhéal, gaineamh garbh agus gairbhéal sliogán" in Sylter Aussenriff agus Borkum-Riffgrund a chosaint ar thionchar gníomhaíochtaí iascaireachta, d'fhonn na hoibleagáidí faoi Airteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a chomhlíonadh.

(9) Rinne STECF athbhreithniú agus measúnú ar an moladh comhpháirteach sa seisiún iomlánach a bhí aige an 25 go dtí an 29 Márta 2019 ([6]) agus chinn sé gur chéad chéim chun tosaigh iad na bearta caomhnaithe atá beartaithe chun díghrádú breise ar an muirthimpeallacht a sheachaint agus chun tionchar diúltach gníomhaíochtaí iascaireachta ar ghnáthóga oitreacha gainimh agus sceireacha, ar na "limistéir ar mhórán speiceas, ina bhfuil gairbhéal, gaineamh garbh agus gairbhéal sliogán", ar an muc mhara agus ar roinnt daonraí éanlaithe mara a laghdú. Cé gur luaigh STECF nach laghdófar tionchar na n-eangacha geolbhaigh agus na líonta fostúcháin mar thoradh ar an iarracht iascaireachta leo a chalcadh, is fíor nach bhféadfaidh an déine iascaireachta méadú amach anseo agus beidh tionchar dearfach aige sin cheana féin ar na gnáthóga agus ar na speicis sna limistéir faoi chosaint. Ina theannta sin, tharraing STECF roinnt pointí áirithe anuas maidir le héifeachtacht na mbeart atá beartaithe a rialú agus a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh uirthi, agus go bhféadfaí an éifeachtacht sin a fheabhsú a thuilleadh.

(10) D'iarr an Coimisiún soiléiriú breise agus d'iarr sé ar ghrúpa réigiúnach Bhallstáit na Mara Thuaidh ("Grúpa Scheveningen") tuilleadh feabhsuithe ar na bearta caomhnaithe atá beartaithe a mheas. Pléadh iarrataí an Choimisiúin agus na leasuithe a rinneadh ina ndiaidh leis na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu, agus cuireadh an moladh comhpháirteach athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin an 17 Meitheamh 2021.

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint (IO L 19, 25.1.2017, lch. 10).

([6]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) — Tuarascáil ón 60ú Cruinniú Iomlánach (PLEN-19-01). Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2019, ISBN 978-92-76-02904-5, doi:10.2760/56785, JRC116423.

(11) An 2 Márta 2022, chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe i láthair an tSainghrúpa um Iascach agus Dobharshaothrú, ar a bhfreastalaíonn Parlaimint na hEorpa mar bhreathnóir.

(12) Sa mholadh comhpháirteach a chuir an Ghearmáin isteach mar Bhallstát tionscnaimh, in éineacht leis na Ballstáit eile a bhfuil leas díreach bainistíochta acu, moltar na bearta bainistíochta seo a leanas i gceithre láithreán Natura 2000 (Sylter Aussenriff, Borkum-Riffgrund, Doggerbank agus Östliche Deutsche Bucht) i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Gearmáine sa Mhuir Thuaidh:

— toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear gléasanna grinnill soghluaiste (TBB, OTB, OTT, PTB, TB, TBN, TBS, SX, SDN, SSC, SPR, SV, SB, DRB, DRH agus HMD) i limistéir bhainistíochta áirithe i dtrí láithreán Natura 2000 (Sylter Aussenriff, Östliche Deutsche Bucht agus Borkum-Riffgrund), ach amháin i gcás TBB_CRU_16-31 i gcriosanna áirithe i limistéar thoir Sylter Aussenriff, chun oitreacha gainimh (cineál gnáthóige 1110), sceireacha (cineál gnáthóige 1170) agus/nó limistéir ar ghrinneall na farraige ina bhfuil an bitíopa "limistéir ar mhórán speiceas, ina bhfuil gairbhéal, gaineamh garbh agus gairbhéal sliogán" a chosaint;

— toirmeasc ar aon chineál gníomhaíochtaí iascaireachta in 55 % de limistéar Amrum Bank (cineál gnáthóige 1110) i láithreán Natura 2000, Sylter Aussenriff, chun limistéir ghrinneall na farraige a chosaint ina bhfuil an cineál bitíopa "limistéir ar mhórán speiceas, ina bhfuil gairbhéal, gaineamh garbh agus gairbhéal sliogán";

— toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin (GN, GNS, GND, GNC, GTR agus GTN) i limistéir áirithe in dhá láithreán Natura 2000 (an chuid thoir de Sylter Aussenriff agus Östliche Deutsche Bucht), chun muca mara agus sé phríomhspeiceas éanlaithe mara a chosaint;

— cosc séasúrach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin (GN, GNS, GND, GNC, GTR agus GTN) sa chuid thiar de láithreán Natura 2000 Sylter Aussenriff ón 1 Márta go dtí an 31 Deireadh Fómhair, chun muca mara a chosaint ar a bhfoghabháil i rith céimeanna comhthiomsaithe aird le linn an tséasúir cúplála agus breithe laonna;

— gníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin (GN, GNS, GND, GNC, GTR agus GTN) a theorannú go dtí an meánleibhéal le linn na 6 bliana dheireanacha roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe seo in dhá láithreán Natura 2000 (Borkum-Riffgrund agus Doggerbank), chun muca mara a chosaint.

(13) An 17 Meitheamh 2019, tar éis dul i gcomhairle le NSAC, chuir an Ísiltír, in éineacht leis an mBeilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe, trí mholadh chomhpháirteacha eile faoi bhráid an Choimisiúin maidir le bearta bainistithe iascaigh in dhá láithreán Natura 2000, eadhon NL2008002 Klaverbank SAC, NL2016166 Friese Front SPA agus i limistéir mhuirí faoi chosaint Friese Front agus Centrale Oestergronden, atá suite sa Mhuir Thuaidh. Áirítear leis na moltaí comhpháirteacha bearta bainistithe iascaigh chun sceireacha (cineál gnáthóige 1170) a chosaint ar thionchar gléasanna grinnill soghluaiste in Klaverbank, chun an t-éan aille a chosaint ar a ghabháil agus/nó a mharú in eangacha geolbhaigh agus i líonta fostúcháin in Friese Front, agus chun codanna suntasacha de ghrinneall na farraige a chosaint ar thionchar gléasanna grinnill soghluaiste. Rannchuideoidh na bearta sin leis na hoibleagáidí faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, Airteagal 4 den Treoir maidir le hÉin agus Airteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a chomhlíonadh.

(14) Rinne STECF athbhreithniú agus measúnú ar na moltaí comhpháirteacha sin i mí Lúnasa 2019 ([7]) agus chinn sé, maidir leis na bearta caomhnaithe atá beartaithe, gur céim dhearfach chun cinn iad chun díghrádú breise ar an muirthimpeallacht a sheachaint agus chun tionchar diúltach gníomhaíochtaí iascaireachta ar sceireacha, ar an éan aille agus ar limistéir shubstaintiúla ghrinneall na farraige a laghdú. Cé gur luaigh STECF gur cheart plé a dhéanamh ar chosc iomlán a thabhairt isteach ar iascach le heangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin le linn na tréimhse coiscthe, is fíor nach bhféadfaidh an déine iascaireachta méadú amach anseo agus beidh tionchar dearfach aige sin cheana féin ar na gnáthóga agus ar na speicis sa limistéar faoi chosaint. Ina theannta sin, chuir STECF in iúl gur chúis imní dó éifeachtacht an rialaithe, an fhorfheidhmithe agus an fhaireacháin maidir leis na bearta atá beartaithe, agus go bhféadfaí an éifeachtacht sin a fheabhsú a thuilleadh, dar leis.

([7]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) — Athbhreithniú ar na Moltaí Comhpháirteacha maidir leis na láithreáin Natura 2000 ag Doggerbank, Klaverbank, Friese Front agus Centrale Oestergronden (STECF-19-04). Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2019, ISBN 978-92-76-11227-3, doi: 10.2760/422631, JRC117963.

(15) D'iarr an Coimisiún soiléiriú breise agus d'iarr sé ar Ghrúpa Scheveningen tuilleadh feabhsuithe ar na bearta caomhnaithe atá beartaithe a mheas. Pléadh iarrataí an Choimisiúin agus na leasuithe a rinneadh ina ndiaidh leis na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu, agus cuireadh na moltaí comhpháirteacha athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin an 1 Iúil 2021.

(16) Sna trí mholadh chomhpháirteacha a chuir an Ísiltír isteach mar Bhallstát tionscnaimh, in éineacht leis na Ballstáit eile a bhfuil leas díreach bainistíochta acu, moltar na bearta bainistíochta seo a leanas in dhá láithreán Natura 2000 (Klaverbank agus Friese Front) agus sna limistéir mhuirí faoi chosaint, Friese Front agus Centrale Oestergronden, atá suite sa Mhuir Thuaidh:

— toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear gléasanna grinnill soghluaiste (TBB, OTB, OTT, PTB, TB, TBN, TBS, SX, SDN, SSC, SPR, SV, DRB agus HMD) i limistéir bhainistíochta áirithe i láithreán Natura 2000 Klaverbank, chun sceireacha a chosaint (cineál gnáthóige 1170);

— teorainn a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin (GN, GNS, GND, GNC, GTR agus GTN) le linn an na tréimhse coiscthe shéasúraigh bunaithe ar mheánlíon na laethanta ar muir le linn na tréimhse tagartha 2012-2016 i láithreán Natura 2000 Friese Front, chun an t-éan aille a chosaint;

— toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear gléasanna grinnill soghluaiste (TBB, OTB, OTT, PTB, TB, TBN, TBS, SX, SDN, SSC, SPR, SV, DRB agus HMD) i limistéir mhuirí faoi chosaint, Friese Front agus Centrale Oestergronden, chun codanna substaintiúla d'éiceachóras ghrinneall na farraige a chosaint.

(17) I ngach ceann de na moltaí comhpháirteacha a chuir an Ghearmáin agus an Ísiltír isteach mar Bhallstáit tionscnaimh, in éineacht leis na Ballstáit eile a bhfuil leas díreach bainistíochta acu, is tríd an gcóras um fhaireachán soithí (VMS) atá suiteáilte ar bord soithí iascaireachta ar fhad foriomlán 12 m nó níos mó a dhéantar gníomhaíochtaí iascaireachta sna limistéir bhainistíochta atá beartaithe a rialú agus a fhorfheidhmiú den chuid is mó, i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(18) I dteannta fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tá beart breise rialaithe agus forfheidhmithe á bheartú lena gcuirtear san áireamh an gá le soithí iascaireachta a rianú go héifeachtach sna limistéir measartha beag a chumhdaítear le roinnt beart bainistíochta atá beartaithe. Ba cheart an mhinicíocht tuairiscithe VMS sna réimsí sin a mhéadú go dtí uair amháin gach 10 nóiméad, in éagmais tagairt ghinearálta minicíochta le haghaidh Limistéir Mhuirí faoi Chosaint.

(19) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 agus leis na moltaí comhpháirteacha a chuir an Ghearmáin agus an Ísiltír isteach mar Bhallstáit tionscnaimh, ní chumhdaítear ach amháin gléasanna grinnill atá soghluaiste. Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le soiléire, ba cheart an Rialachán sin a leasú chun gléasanna grinnill soghluaiste a shainmhíniú.

(20) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a leasú dá réir chun na bearta caomhnaithe arna moladh sa mholadh comhpháirteach a chuir an Ghearmáin isteach an 17 Meitheamh 2021 agus sna trí mholadh chomhpháirteacha a chuir an Ísiltír isteach an 1 Iúil 2021 a áireamh.

(21) Leis na bearta sa rialachán seo is infheidhme maidir le huiscí an Aontais saothraítear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 494(1) agus (2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([8]), agus tabharfar aird ar na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 494(3) den chomhaontú sin.

(22) Tá an Rialachán Tarmligthe seo gan dochar don ghá le bearta caomhnaithe breise a bhfuil gá leo chun na forálacha ábhartha agus seasamh an Choimisiúin a chomhlíonadh maidir le hoibleagáidí na mBallstát leasmhar a bheith á gcomhlíonadh acu faoi reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais,

([8]) An Comhaontú trádála agus comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, arna shíniú an 30 Nollaig 2020 (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo na bearta caomhnaithe iascaigh is gá chun na hoibleagáidí faoi Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE agus Airteagal 13(4) de Threoir 2008/56/CE a chomhlíonadh.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soithí iascaireachta sa Mhuir Thuaidh.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún (*) agus in Iarscríbhinn III de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "gléas grinnill soghluaiste" aon cheann de na gléasanna seo a leanas: trál grinnill (TB), trál bíoma (TBB), trál otair grinnill (OTB), trál otair dúbailte (OTT), trál grinnill dhá bhád (PTB), trál chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath (TBN), trál séaclaí (TBS), saighean (SX), saighean Dhanmhargach (SDN), eangach shaighne Albanach (SSC), saighean dhá bhád (SPR), bád nó soitheach saighne (SV), saighean chladaigh (SB), dreidire báid (DRB), dreidire láimhe a úsáidtear ar bord soithigh (DRH) agus dreidire meicnithe lena n-áirítear dreidire súite (HMD);

(b) ciallaíonn "eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin" aon cheann de na gléasanna seo a leanas: eangacha geolbhaigh (GN), eangacha geolbhaigh socraithe (GNS) (ar ancaire), sruthlíonta (GND), eangacha geolbhaigh timpeallaithe (GNC), traimlí (GTR) agus traimlí agus eangacha geolbhaigh in éineacht (GTN);

(c) ciallaíonn "Limistéir 1" na limistéir gheografacha a chrioslaítear trí rumlínte a úsáid chun na suímh a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal go seicheamhach, nó trí línte deighilte idir dhá Limistéar Eacnamaíoch Eisiach nó líne teorannaithe na farraige teorann mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(d) ciallaíonn "Limistéir 2" na limistéir gheografacha a chrioslaítear trí rumlínte a úsáid chun na suímh a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal go seicheamhach, nó trí líne teorannaithe na farraige teorann mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(e) ciallaíonn "Limistéir 3" na limistéir gheografacha a chrioslaítear trí rumlínte a úsáid chun na suímh a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal go seicheamhach;

(f) ciallaíonn "Limistéir 4" na limistéir gheografacha a chrioslaítear trí rumlínte a úsáid chun na suímh a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo, arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal go seicheamhach nó trí línte deighilte idir dhá Limistéar Eacnamaíoch Eisiach nó trí líne teorannaithe na farraige teorann mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI;

(g) ciallaíonn "Bratten" an limistéar geografach a chrioslaítear trí rumlínte a úsáid chun na suímh a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal go seicheamhach;

(h) ciallaíonn "criosanna AIS" na limistéir gheografacha a chrioslaítear trí rumlínte a úsáid chun na suímh a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal go seicheamhach;

(i) ciallaíonn "criosanna foláirimh" na limistéir gheografacha a liostaítear mar chriosanna foláirimh in Iarscríbhinní I, II agus VI a ghabhann leis an Rialachán seo, limistéir de 4 mhuirmhíle timpeall ar gach crios bainistíochta, a bunaíodh chun na húdaráis inniúla a chur ar an airdeall go bhfuil soithí iascaireachta ag druidim le limistéir áirithe faoi chosaint, agus limistéir nach bhfuil aon toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta iontu;

(j) ciallaíonn "na Ballstáit lena mbaineann" an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an tSualainn.

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"*Airteagal 3*

Toirmeasc ar iascaireacht

1. Beidh toirmeasc ar aon ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanamh agus úsáid á baint as gléasanna grinnill soghluaiste sna codanna comhfhreagracha seo a leanas de Limistéir 1 dá dtagraítear in Iarscríbhinn I:

(a) i limistéir 1(1) go 1(13), seachas na criosanna foláirimh 1(10.az), 1(11.az), 1(12.az) agus 1(13.az), faoi seach, toirmeascfar na gléasanna seo a leanas: trál grinnill (TB), trál bíoma (TBB), trál otair grinnill (OTB), trál otair dúbailte (OTT), trál grinnill dhá bhád (PTB), trál chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath (TBN), trál séaclaí (TBS), saighean (SX), saighean Dhanmhargach (SDN), eangach shaighne Albanach (SSC), saighean dhá bhád (SPR), bád nó soitheach saighne (SV), ach amháin i gcás gníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear tráil bhíoma agus rópaí eiteáin dar toise mogalra idir 16 mm agus 31 mm (TBB_CRU_16-31) san iascach traidisiúnta lena ndírítear ar an séacla coiteann (*Crangon* spp.) i limistéar 1(10)(b);

(b) ina theannta sin, i limistéir 1(10) go 1(13), seachas na criosanna foláirimh, 1(10.az), 1(11.az), 1(12.az) agus 1(13.az), faoi seach, beidh toirmeasc ar na gléasanna seo a leanas: dreidire báid (DRB) agus dreidire meicnithe, lena n-áirítear dreidire súite (HMD);

(c) ina theannta sin, i limistéir 1(1) go 1(11), seachas na criosanna foláirimh 1(10.az) agus 1(11.az), faoi seach, beidh toirmeasc ar na gléasanna seo a leanas: saighean chladaigh (SB) agus dreidire láimhe a úsáidtear ar bord soithigh (DRH).

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) gníomhaireachtaí iascaireachta i limistéir 2(1) go 2(24) agus 2(28) de Limistéir 2, seachas an crios foláirimh ábhartha 2(28.az),

(b) agus oibríochtaí iascaireachta i limistéir 2(25) go 2(27) de Limistéir 2.

3. Ní cheadófar iascaireacht i Limistéir 3 ach amháin leis na gléasanna seo a leanas agus faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) gléasanna láimhe amhail slat agus líne (LHP),

(b) tráil pheiligeacha (OTM/PTM),

(c) potaí agus gaistí (FPO agus FIX), le haghaidh iascaireacht crústach,

(d) eangacha geolbhaigh agus traimlí (GTN), ar choinníoll go nglacann soithí iascaireachta páirt i gclár faireacháin agus measúnaithe náisiúnta arna reáchtáil ag na húdaráis náisiúnta nó thar a gceann chun meastóireacht a dhéanamh ar fhoghabháil muc mara agus éanlaithe mara trí úsáid a bhaint as cianfhaireachán leictreonach ("REM"), lena n-áirítear úsáid ceamaraí teilifíse ciorcaid iata ("CCTV") agus sonraí suímh ar bord.

A mhéid a bhaineann leis an gcéad fhomhír den mhír seo, pointe (d), déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann athbhreithniú bliantúil ar na sonraí maidir le gabhálacha de thaisme de mhuca mara agus d'éanlaith mhara agus déanfaidh siad iad a mheasúnú faoin 31 Nollaig 2024. Úsáidfear na sonraí sin nó sonraí iomchuí nua ar bith chun úsáid iascach na heangaí sna limistéir sin a choigeartú de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 11 agus 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

4. Beidh feidhm ag mír 2(b) agus mír 3 maidir le hiascach áineasa freisin.

5. Beidh toirmeasc ar aon ghníomhaíocht iascaireachta ina mbaintear úsáid as eangacha geolbhaigh (GN, GNS, GND agus GNC) agus as líonta fostúcháin (GTR agus GTN) sna codanna comhfhreagracha seo a leanas de Limistéir 4 dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI:

(a) i limistéar 4(1), cé is moite den limistéar foláirimh ábhartha 4(1.az), beidh toirmeasc ó cheann ceann na bliana ar aon ghníomhaíocht iascaireachta ina n-úsáidtear eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin;

(b) i limistéar 4(2), cé is moite den limistéar foláirimh ábhartha 4(2.az), beidh toirmeasc le linn na tréimhse coiscthe ón 1 Márta go dtí an 31 Deireadh Fómhair ar aon ghníomhaíocht iascaireachta ina n-úsáidtear eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin;

(c) i limistéar 4(3), cé is moite den limistéar foláirimh ábhartha 4(3.az), ní sháróidh líon iomlán bliantúil na laethanta gníomhaíochta iascaireachta ar a n-úsáidtear eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin an meánlíon bliantúil laethanta iascaireachta ar ar úsáideadh gléasanna den sórt sin sa limistéar sin sna 6 bliana dheireanacha roimh an 8 Márta 2023.

(d) i limistéar 4(4), le linn an choiscthe shéasúraigh ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Samhain, ní sháróidh líon iomlán bliantúil na laethanta gníomhaíochta iascaireachta ar a n-úsáidtear eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin an meánlíon bliantúil laethanta iascaireachta ar ar úsáideadh gléasanna den sórt sin sa limistéar sin idir an 1 Meitheamh agus an 30 Samhain le linn na tréimhse 2012-2016.

6. I gcás ina gceadaítear gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh le gléasanna eile seachas na gléasanna a thoirmeasctar faoi mhíreanna 1, 3 agus 5, ní mór na gléasanna toirmiscthe a fháisceadh agus a stuáil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009."

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

Idirthuras

1. I gcás soithí iascaireachta a bhfuil gléasanna grinnill soghluaiste ar bord acu agus nach bhfuil údaraithe iascaireacht a dhéanamh i limistéir 1(1) go 1(13), lena n-áirítear na limistéir foláirimh 1(12.az) agus 1(13.az), faoi seach, agus i gcás soithí iascaireachta a bhfuil eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin á n-iompar ar bord acu agus nach bhfuil údaraithe iascaireacht a dhéanamh i limistéir 4(1) go 4(4), féadfaidh na soithí sin idirthuras a dhéanamh thar na limistéir sin ar choinníoll go bhfáiscfear agus go stuálfar na gléasanna sin le linn an idirthurais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Féadfaidh soithí iascaireachta idirthuras a dhéanamh thar limistéir 2(1) go 2(28), ar choinníoll go bhfáiscfear agus go stuálfar aon ghléas atá ar bord i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. Níor cheart gur lú ná sé mhuirmhíle an luas le linn idirthurais i gcás gach soithigh iascaireachta nach bhfuil údaraithe iascaireacht a dhéanamh i limistéir 1(10) go 1(13), lena n-áirítear na criosanna foláirimh 1(12.az) agus 1(13.az), faoi seach, i limistéar 2(28) agus i limistéir 4(1) go 4(3), ach amháin i gcás *force majeure* nó i gcás dálaí díobhálacha, i gcomhréir le hAirteagal 50(4)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. I gcásanna dá leithéid, tabharfaidh an máistir fógra láithreach d'ionad faireacháin iascaigh Bhallstát na brataí, agus tabharfaidh an t-ionad sin fógra ansin d'údaráis inniúla an Bhallstáit cósta.";

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"*Airteagal 5*

Córas aitheantais uathoibríoch agus córas um fhaireachán soithí

1. Déanfar na soithí iascaireachta seo a leanas a fheistiú le córas sainaitheanta uathoibríoch (AIS) a chomhlíonann na caighdeáin feidhmíochta a leagtar amach in Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus coinneofar an córas sin ag oibriú i gcónaí:

(a) gach soitheach iascaireachta atá i láthair sa limistéar muirí faoi chosaint Bratten;

(b) gach soitheach iascaireachta a oibríonn le gléasanna grinnill soghluaiste laistigh de limistéir AIS mar a shonraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) gach soitheach iascaireachta atá i láthair i gcriosanna AIS mar a shonraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Soithí iascaireachta arb é 12 m nó níos mó a bhfad iomlán, déanfaidh siad minicíocht tarchuir an chórais um fhaireachán soithí (VMS) a mhéadú go dtí uair amháin gach 10 nóiméad sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina a bhfuil sé ar intinn acu dul isteach i limistéir 1(10) go 1(13) (Iarscríbhinn I), limistéar 2(28) (Iarscríbhinn II) agus limistéir 4(1) go 4(4) (Iarscríbhinn VI), nó idirthuras a dhéanamh trí na limistéir sin, lena n-áirítear na criosanna foláirimh, 1(10.az) go 1(13.az), 2(28.az), 4(1.az) go 4(3.az), faoi seach;

(b) i gcás ina bhfuil aon ghléas toirmiscthe á iompar ar bord acu le linn na tréimhse coiscthe (an 1 Meitheamh go dtí an 30 Samhain) i limistéar 4(4) (Iarscríbhinn VI);

(c) i gcás ina bhfuil aon ghléas toirmiscthe á iompar ar bord acu agus an soitheach ag taisteal faoi bhun shé mhuirmhíle i limistéir 1(12) agus 1(13) (Iarscríbhinn I), lena n-áirítear na criosanna foláirimh 1(12.az) agus 1(13.az), faoi seach.

3. Soithí iascaireachta ar 12 m ar fad san iomlán nó níos mó atá ag teacht isteach sna criosanna foláirimh, déanfaidh siad na gléasanna iascaireachta atá ar bord agus na gléasanna iascaireachta a úsáidtear araon a thaifeadadh sa logleabhar leictreonach, i gcomhréir le hAirteagal 14(2) agus Airteagal 15(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.";

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

"*Airteagal 6*

Athbhreithniú

"Ón 8 Márta 2023, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann faireachán, measúnú agus tuairisciú ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach in Airteagail 3, 4 agus 5, gach 3 bliana i gcás beart i réimsí 4(1) agus 4(4) (Iarscríbhinn VI) faoin Treoir maidir le hÉin, agus gach 6 bliana i gcás beart i limistéir 1(10) go 1(13) (Iarscríbhinn I), i limistéar 2(28) (Iarscríbhinn II) agus i limistéir 4(2) agus 4(3) (Iarscríbhinn VI) faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus sa Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.";

(7) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le pointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(8) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(9) cuirtear Iarscríbhinn VI leis i gcomhréir le pointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118, cuirtear na pointí seo a leanas isteach (na comhordanáidí uile arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84):

"**1(10.a)**: Limistéar lárnach láithreán Natura 2000 DE1209-301 Sylter Aussenriff

Crios bainistíochta A i limistéar lárnach Sylter Aussenriff

An limistéar geografach atá crioslaithe ag:

a) líne deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ó 55,234408° T 7,210530° O go 55,141825° T 7,735990° O;

b) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M1a-A01	55,141825 °	7,735990 °
M1a-A02	54,945932 °	7,791085 °
M1a-A03	54,945951 °	7,726601 °
M1a-A04	55,029500 °	7,519153 °
M1a-A05	55,029500 °	7,190752 °
M1a-A06	55,048333 °	7,256667 °
M1a-A07	55,234408 °	7,210530 °

Crios bainistíochta B i limistéar lárnach Sylter Aussenriff

An limistéar geografach atá crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M1a-B01	55,042270 °	6,700000 °
M1a-B02	54,957222 °	6,938056 °
M1a-B03	54,993919 °	7,066298 °
M1a-B04	54,979165 °	7,207458 °
M1a-B05	54,898781 °	7,443912 °
M1a-B06	54,898779 °	7,630254 °
M1a-B07	54,538889 °	7,778333 °
M1a-B08	54,538889 °	7,020278 °
M1a-B09	54,727328 °	6,700000 °
M1a-B01	55,042270 °	6,700000 °

1(10.b): Limistéar lárnach láithreán Natura 2000 DE1209-301 Sylter Aussenriff

Crios bainistíochta C i limistéar lárnach Sylter Aussenriff

An limistéar geografach atá crioslaithe ag:

a) líne deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ó 55,141825 ° T 7,735990 ° O go 55,099172 ° T 8,044370 ° O;

b) an líne theorannaithe ar thaobh na farraige a bhaineann le farraige teorann na Gearmáine ó 55,099172° T 8,044370° O go 54,906728° T 7,944550° O;

c) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M1b-C01	54,906728 °	7,944550 °
M1b-C02	54,906673 °	7,853855 °
M1b-C03	54,945913 °	7,853922 °
M1b-C04	54,945932 °	7,791085 °
M1b-C05	55,141825 °	7,735990 °

Crios bainistíochta D i limistéar lárnach Sylter Aussenriff

An limistéar geografach atá crioslaithe ag:

a) an líne theorannaithe ar thaobh na farraige a bhaineann le farraige teorann na Gearmáine ó 54,800580 ° T 7,936317 ° O go 54,498738 ° T 8,038533 ° O;

b) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M1b-D01	54,498738 °	8,038533 °
M1b-D02	54,538889 °	7,778333 °
M1b-D03	54,898779 °	7,630254 °
M1b-D04	54,898779 °	7,710663 °
M1b-D05	54,800568 °	7,806460 °
M1b-D06	54,800580 °	7,936317 °

1(10.az): Criosanna foláirimh de 4 mhuirmhíle mórthimpeall na gceithre chrios bainistíochta i limistéir láir agus thoir láithreán Natura 2000 DE1209-301 Sylter Aussenriff

1(11): Láithreán Natura 2000 DE2104-301 Borkum-Riffgrund

An limistéar geografach atá crioslaithe ag:

a) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M5-01	54,016833 °	6,095963 °
M5-02	54,016389 °	6,351944 °
M5-03	53,914722 °	6,490000 °
M5-04	53,914722 °	6,673611 °
M5-05	53,863476 °	6,731941 °

b) an líne theorannaithe ar thaobh na farraige a bhaineann le farraige teorann na Gearmáine ó 53,863476 ° T 6,731941 ° O go 53,724495 ° T 6,345843 ° O;

c) líne deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ó 53,724495 ° T 6,345843 ° O go 54,016833 ° T 6,095963 ° O.

1(11.az): Crios foláirimh de 4 mhuirmhíle mórthimpeall láithreán Natura 2000 DE2104-301 Borkum-Riffgrund

1(12): Láithreán Natura 2000 NL2008002 Klaverbank

An limistéar geografach ata crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Crios bainistíochta 1 in Klaverbank

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
1-01	54°16,428′	2°58,813′
1-02	54°16,237′	3°09,634′
1-03	54°17,609′	3°19,076′
1-04	54°15,828′	3°19,060′
1-05	54°12,399′	3°03,013′
1-06	54°12,330′	2°59,445′

Crios bainistíochta 2 in Klaverbank

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
2-01	54°12,717′	3°17,402′
2-02	54°02,162′	3°16,451′
2-03	53°56,917′	3°12,180′
2-04	53°57,077′	3°08,453′
2-05	54°00,109′	3°05,336′
2-06	54°11,148′	3°06,759′

Crios bainistíochta 3 in Klaverbank

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
3-01	54°11,259′	2°48,729′
3-02	54°09,725′	2°58,211′
3-03	54°05,298′	2°59,430′
3-04	53°59,037′	2°59,598′
3-05	53°59,085′	2°55,967′
3-06	54°05,252′	2°50,152′

Crios bainistíochta 4 in Klaverbank

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
4-01	53°59,302′	2°51,534′
4-02	53°56,072′	2°57,737′
4-03	53°53,177′	3°03,056′

4-04	53°51,095′	3°03,775′
4-05	53°51,186′	2°53,928′
4-06	53°58,168′	2°51,813′

1(12.az): Crios foláirimh de 4 mhuirmhíle mórthimpeall na 4 chrios bainistíochta i láithreán Natura 2000 NL2008002 Klaverbank

An limistéar geografach ata crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
AZ-01	54°22,717′	3°25,970′
AZ-02	54°17,585′	3°25,910′
AZ-03	54°15,804′	3°25,889′
AZ-04	54°13,017′	3°25,856′
AZ-05	54°12,673′	3°24,228′
AZ-06	54°12,502′	3°24,212′
AZ-07	54°01,948′	3°23,232′
AZ-08	54°01,149′	3°23,159′
AZ-09	54°00,428′	3°22,568′
AZ-10	53°55,187′	3°18,287′
AZ-11	53°52,730′	3°16,288′
AZ-12	53°52,930′	3°11,687′
AZ-13	53°53,001′	3°10,022′
AZ-14	53°51,891′	3°10,402′
AZ-15	53°47,009′	3°12,069′
AZ-16	53°47,098′	3°03,661′
AZ-17	53°47,189′	2°53,829′
AZ-18	53°47,235′	2°48,260′
AZ-19	53°50,481′	2°47,273′
AZ-20	53°57,460′	2°45,141′
AZ-21	53°57,525′	2°45,121′
AZ-22	53°57,590′	2°45,105′
AZ-23	53°58,725′	2°44,822′
AZ-24	54°09,495′	2°42,127′
AZ-25	54°09,411′	2°42,289′
AZ-26	54°10,704′	2°41,979′
AZ-27	54°16,716′	2°40,532′
AZ-28	54°15,113′	2°50,536′
AZ-29	54°14,845′	2°52,203′
AZ-30	54°16,065′	2°52,011′

AZ-31	54°20,550′	2°51,304′
AZ-32	54°20,424′	2°59,010′
AZ-33	54°20,250′	3°08,899′
AZ-34	54°21,489′	3°17,435′
AZ-35	54°22,717′	3°25,970′
AZ-36	54°17,609′	3°19,076′
AZ-37	54°16,237′	3°09,634′
AZ-38	54°16,428′	2°58,813′
AZ-39	54°12,330′	2°59,445′
AZ-40	54°12,399′	3°03,013′
AZ-41	54°15,828′	3°19,060′
AZ-42	54°17,609′	3°19,076′
AZ-43	54°12,717′	3°17,402′
AZ-44	54°11,148′	3°06,759′
AZ-45	54°00,109′	3°05,336′
AZ-46	53°57,077′	3°08,453′
AZ-47	53°56,917′	3°12,180′
AZ-48	54°02,162′	3°16,451′
AZ-49	54°12,717′	3°17,402′
AZ-50	53°56,072′	2°57,737′
AZ-51	53°59,302′	2°51,534′
AZ-52	53°58,168′	2°51,813′
AZ-53	53°51,186′	2°53,928′
AZ-54	53°51,095′	3°03,775′
AZ-55	53°53,177′	3°03,056′
AZ-56	53°56,072′	2°57,737′
AZ-57	53°59,085′	2°55,967′
AZ-58	53°59,037′	2°59,598′
AZ-59	54°05,298′	2°59,430′
AZ-60	54°09,725′	2°58,211′
AZ-61	54°11,259′	2°48,729′
AZ-62	54°05,252′	2°50,152′
AZ-63	53°59,085′	2°55,967′

1(13): Limistéir mhuirí faoi chosaint Friese Front agus Centrale Oestergronden

An limistéar geografach atá crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Crios bainistíochta 1 in Friese Front:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
1-01	53°48,229′	4°59,978′
1-02	53°48,216′	5°18,190′
1-03	53°37,436′	5°18,130′
1-04	53°37,449′	4°59,995′

Crios bainistíochta 2 in Friese Front:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
2-01	53°35,227′	4°38,324′
2-02	53°48,525′	4°22,820′
2-03	53 °54,659′	4°37,815′
2-04	53°41,330′	4°53,278′

Crios bainistíochta in Centrale Oestergronden:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
3-01	54°56,921′	4°14,985′
3-02	54°35,372′	4°14,985′
3-03	54°35,335′	3°51,791′
3-04	54°56,884′	3°51,589′

1(13.az): Crios foláirimh de 4 mhuirmhíle mórthimpeall na 3 chrios bainistíochta in Friese Front agus i limistéir mhuirí faoi chosaint Centrale Oestergronden.

An limistéar geografach ata crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
AZ-01	53°56,926′	4°43,393′
AZ-02	53°48,455′	4°53,224′
AZ-03	53°52,219′	4°53,209′
AZ-04	53°52,226′	4°59,971′
AZ-05	53°52,213′	5°18,212′
AZ-06	53°52,196′	5°24,975′

AZ-07	53°48,200′	5°24,941′
AZ-08	53°37,420′	5°24,853′
AZ-09	53°33,423′	5°24,820′
AZ-10	53°33,439′	5°18,107′
AZ-11	53°33,451′	5°00,001′
AZ-12	53°33,444′	4°53,288′
AZ-13	53°36,485′	4°53,275′
AZ-14	53°31,935′	4°42,132′
AZ-15	53°29,667′	4°36,609′
AZ-16	53°32,956′	4°32,797′
AZ-17	53°46,242′	4°17,277′
AZ-18	53°49,521′	4°13,416′
AZ-19	53°51,807′	4°18,961′
AZ-20	53°57,949′	4°33,967′
AZ-21	54°00,218′	4°39,550′
AZ-22	53°56,926′	4°43,393′
AZ-23	53°48,525′	4°22,820′
AZ-24	53°35,227′	4°38,324′
AZ-25	53°41,330′	4°53,278′
AZ-26	53°54,659′	4°37,815′
AZ-27	53°48,525′	4°22,820′
AZ-28	53°48,229′	4°59,978′
AZ-29	53°37,449′	4°59,995′
AZ-30	53°37,436′	5°18,130′
AZ-31	53°48,216′	5°18,190′
AZ-32	53°48,229′	4°59,978′
AZ-33	54°56,918′	4°21,929′
AZ-34	54°35,368′	4°21,867′
AZ-35	54°31,371′	4°21,856′
AZ-36	54°31,375′	4°14,984′
AZ-37	54°31,338′	3°51,829′
AZ-38	54°31,313′	3°44,957′
AZ-39	54°35,310′	3°44,909′
AZ-40	54°56,859′	3°44,645′
AZ-41	55°00,856′	3°44,596′
AZ-42	55°00,881′	3°51,550′
AZ-43	55°00,918′	4°14,986′
AZ-44	55°00,914′	4°21,941′

AZ-45	54°56,918′	4°21,929′
AZ-46	54°56,884′	3°51,589′
AZ-47	54°35,335′	3°51,791′
AZ-48	54°35,372′	4°14,985′
AZ-49	54°56,921′	4°14,985′
AZ-50	54°56,884′	3°51,589′"

2. In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118, cuirtear na pointí seo a leanas isteach (na comhordanáidí uile arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84):

"**2(28)**: Amrum Bank (55 % den limistéar i gcodanna láir agus thuaidh an bhainc) i láithreán Natura 2000 DE1209-301 Sylter Aussenriff

An limistéar geografach atá crioslaithe ag:

a) an líne theorannaithe ar thaobh na farraige a bhaineann le farraige teorann na Gearmáine ó 54,666667 ° T 7,943486 ° O go 54,583333 ° T 7,976132 ° O;

b) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M2-01	54,583333 °	7,976132 °
M2-02	54,583333 °	7,875000 °
M2-03	54,666667 °	7,875000 °
M2-04	54,666667 °	7,943486 °

2(28.az): Crios foláirimh de 4 mhuirmhíle mórthimpeall Amrum Bank (55 % den limistéar i gcodanna láir agus thuaidh an bhainc) i láithreán Natura 2000 DE1209-301 Sylter Aussenriff"

3. Cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 (na comhordanáidí uile arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84):

"IARSCRÍBHINN VI

Comhordanáidí 'Limistéir 4'

Limistéir 4(1): Láithreán Natura 2000 DE1011-401 Östliche Deutsche Bucht agus codanna thoir de láithreán Natura 2000 DE1209-301 Sylter Aussenriff

An limistéar geografach atá crioslaithe ag:

a) líne deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ó 55,234408° T 7,210530° O go 55,099172 ° T 8,044370 ° O;

b) an líne theorannaithe ar thaobh na farraige a bhaineann le farraige teorann na Gearmáine ó 55,099172° T 8,044370° O go 54,389485 ° T 7,796776 ° O;

c) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M3-01	54,389485 °	7,796776 °
M3-02	54,538889 °	7,778333 °
M3-03	54,538889 °	7,500000 °

M3-04	54,590341 °	7,500000 °
M3-05	54,733056 °	7,334722 °
M3-06	55,048333 °	7,256667 °
M3-07	55,234408 °	7,210530 °

4(1.az): Crios foláirimh de 4 mhuirmhíle mórthimpeall láithreán Natura 2000 DE1011-401 Östliche Deutsche Bucht agus codanna thoir de láithreán Natura 2000 DE1209-301 Sylter Aussenriff

Limistéar 4(2): Cuid thiar láithreán Natura 2000 DE1209-301 Sylter Aussenriff

An limistéar geografach atá crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M4-01	54,947500 °	6,323889 °
M4-02	55,068333 °	6,626944 °
M4-03	54,957222 °	6,938056 °
M4-04	55,048333 °	7,256667 °
M4-05	54,733056 °	7,334722 °
M4-06	54,590341 °	7,500000 °
M4-07	54,538889 °	7,500000 °
M4-08	54,538889 °	7,020278 °
M4-01	54,947500 °	6,323889 °

4(2.az): Crios foláirimh de 4 mhuirmhíle mórthimpeall chuid thiar láithreán Natura 2000 DE1209-301 Sylter Aussenriff

Limistéir 4(3): Láithreán Natura 2000 DE2104-301 Borkum-Riffgrund agus láithreán Natura 2000 DE1003-301 Doggerbank

Crios bainistíochta A in Borkum-Riffgrund

An limistéar geografach atá crioslaithe ag:

a) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M7-A01	54,016833 °	6,095963 °
M7-A02	54,016389 °	6,351944 °
M7-A03	53,914722 °	6,490000 °
M7-A04	53,914722 °	6,673611 °
M7-A05	53,863476 °	6,731941 °

b) an líne theorannaithe ar thaobh na farraige a bhaineann le farraige teorann na Gearmáine ó 53,863476 ° T 6,731941 ° O go 53,724495 ° T 6,345843 ° O;

c) líne deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ó 53,724495 ° T 6,345843 ° O go 54,016833 ° T 6,095963 ° O.

Crios bainistíochta B in Doggerbank

An limistéar geografach atá crioslaithe ag:

a) líne deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ó 55,810118 ° T 4,019211 ° O go 55,439805 ° T 4,699856 ° O;

b) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M7-B01	55,439805 °	4,699856 °
M7-B02	55,365081 °	4,260850 °

c) líne deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na hÍsiltíre ó 53,724495 ° T 6,345843 ° O go 54,016833 ° T 6,095963 ° O;

d) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
M7-B03	55,645558 °	3,637590 °
M7-B04	55,810118 °	4,019211 °

4(3.az): Criosanna foláirimh de 4 mhuirmhíle mórthimpeall láithreán Natura 2000 DE2104-301 Borkum-Riffgrund agus láithreán Natura 2000 DE1003-301 Doggerbank

Limistéar 4(4): Láithreán Natura 2000 NL2016166 Friese Front

An limistéar geografach atá crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T	Domhanfhad O
4-01	53°49.712′	5°13.602′
4-02	53°24.922′	4°12.963′
4-03	53°47.936′	4°12.890′
4-04	54°13.337′	5°13.998′"